Oifig an Rialaitheora Pleanála
Office of the Planning Regulator

# Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

# Anailísí Sonraí

# Ag Oifig an Rialaitheora Pleanála

## Maidir le hOifig an Rialaitheora Pleanála

Comhlacht maoirseachta neamhspleách is ea Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR). Bhunaigh an Rialtas OPR chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar chomhsheasmhacht bheartais phróiseas pleanála na hÉireann d'fhonn torthaí ardchaighdeáin a chinntiú i dtaca le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe.

## Feidhmeanna OPR

Tugadh bunús dlí do OPR leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Ina theannta sin, tugtar breac-chuntas ann ar ról agus ar fheidhmeanna OPR, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- measúnú ar phleananna ceantair áitiúil agus ar phleananna forbartha contae/cathrach na n-údarás áitiúil, agus ar straitéisí spáis agus eacnamaíochta réigiúnacha na dtionól réigiúnach chun comhsheasmhacht le beartais ábhartha réigiúnacha nó náisiúnta a chinntiú;
- athbhreithnithe ar na córais agus ar na nósanna imeachta a úsáideann aon údarás pleanála, lena n-áirítear an Bord Pleanála, le linn dó a fheidhmeanna pleanála a chomhlíonadh; agus
- cláir thaighde, oiliúna agus oideachais a thacaíonn le forbairt fhorásach phróiseas pleanála na hÉireann.

## An Ról

Tá Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP) ag lorg iarratais ó dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí chuí acu a chomhlíonann na riachtanais seo a leanas le haghaidh ceapacháin i ról suimiúil agus tairbheach mar Anailísí Sonraí.

Is minic a bhaineann obair na hOifige le saincheisteanna pleanála agus forbartha a rianú ar fud a sainchúraim náisiúnta, ag bailiú príomh-thacair sonraí náisiúnta a bhaineann le pleanáil chun a cumas cinnteoireachta a neartú, mar aon lena cumas idirghníomhú le príomhpháirtithe leasmhara agus tionchar a imirt orthu, agus saincheisteanna pleanála a bhaineann le sainordú reachtúil na heagraíochta a chur in iúl go héifeachtach.

Ó thaobh struchtúir de, oibreoidh an t-iarrthóir rathúil laistigh den Fhoireann Taighde, Oiliúna agus Feasachta Poiblí agus déanfaidh siad idirchaidreamh le gach cuid de ORP agus le raon leathan de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Phríomh-Oifig Staidrimh, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, An Bord Pleanála, comhlachtaí poiblí eile agus an earnáil pleanála agus forbartha i gcoitinne.

Ag obair le hardleibhéal tionscnaimh agus mar chuid d'fhoirne níos leithne, léireoidh an t-iarrthóir idéalach inniúlacht láidir, chun cumas na heagraíochta a neartú agus rochtain a fháil ar phríomhshonraí a bhaineann le pleanáil, i réimsí a chuimsíonn an tithíocht, iompar, patrúin forbartha níos leithne agus táscairí comhshaoil, agus an fhaisnéis seo go léir a chur in iúl go héifeachtach do raon leathan de pháirtithe leasmhara. Beidh ról lárnach acu freisin i gcur i bhfeidhm Straitéis Pleanála agus Anailíse Digití ORP.

## Dualgais agus Freagrachtaí

Ag tuairisciú don Stiúrthóir Cúnta Cumarsáide agus don Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Feasachta Poiblí, lena n-áirítear oibriú ar fud fhoirne ORP agus comhpháirtithe i gcoitinne, áireofar ar dhualgais Anailísí Sonraí OPR:

- Foinsiú, anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar phríomh-thacair sonraí ar phleanáil agus nithe gaolmhara lena n-áirítear tithíocht, forbairt réigiúnach agus cáilíocht comhshaoil a bhaineann le ról ORP mar chomhlacht maoirseachta don chóras pleanála;
- A bheith freagrach as príomhréimsí oibre, lena n-áirítear Athbhreithniú Pleanála Bliantúil ORP;
- Anailís a dhéanamh chun treochtaí agus patrúin ábhartha a fháil amach, mar chuid de thionscadail leanúnacha taighde;
- Córais inmheánacha a fhorbairt chun sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh, a rianaíonn príomhtháscairí feidhmíochta do ORP;
- Ag feidhmiú mar Oifigeach Sonraí ORP (murab ionann agus Oifigeach Cosanta Sonraí), de bhun an Achta um Roinnt Sonraí agus Rialachas, ag aimsiú deiseanna laistigh den eagraíocht chun sonraí a chomhroinnt agus ag cur chun cinn bainistíocht sonraí agus cleachtais fheabhsaithe laistigh den eagraíocht;
- Cumarsáid agus scaipeadh sonraí agus aschuir anailíse a bhainistiú trí mheáin scríofa, fhísiúla agus dhigiteacha lena n-áirítear graif sonraí, cártaí faisnéise, deaiseanna, agus léirshamhluithe, lena n-áirítear feidhmchláir a mhapáil; agus
- Suirbhéanna a dhéanamh agus anailís a dhéanamh ar thorthaí.

## Bunchritéir

Chun an ról seo a chomhlíonadh i gceart, faoin 15 Eanáir 2024 nó roimhe sin, beidh meascán de na scileanna agus cáilíochtaí seo a leanas i réimsí na hanailísíochta agus na cumarsáide araon, ag an iarrthóir idéalach, lena n-áirítear:

- cáilíocht tríú leibhéal iomchuí i réimse ábhartha, amhail, ach gan a bheith teoranta do, beartas sóisialta, staidrimh, tíreolaíocht, socheolaíocht, eolaíocht sonraí, pleanáil, eacnamaíocht (CNC leibhéal 7 agus níos airde);
- teastaíonn taithí léirithe ar scileanna láidre matamaitice agus uimhriúla, lena n-áirítear saineolas ar anailís sonraí/modhanna taighde agus ar phacáistí bogearraí;
- taithí léirithe ar chur chuige loighciúil agus córasach i leith na hoibre agus scileanna réitithe fadhbanna agus cumas tacair sonraí cainníochtúla agus/nó cáilíochtúla a bhailiú, a bhainistiú agus a anailísiú;
- ard-eolas cruthaithe ar Microsoft Excel;
- scileanna bainistíochta sonraí, tuiscint ar phrionsabail bhainistíochta sonraí agus ar dhea-chleachtais;
- sárscileanna léirmhínithe agus cumarsáide atá leordhóthanach chun torthaí anailíse a thiontú ina gcur i láthair gonta agus an-láidir.

## Tréithe inmhianaithe

- eolas ar shonraí pleanála agus tithíochta agus bunachair shonraí/córais;
- eolas cruthaithe ar mhodheolaíochtaí staidrimh;
- inniúlacht i bpacáistí staidrimh / anailísíochta sonraí ar nós STATA, SPSS, Power BI, Python, XML, APIs, SQL, i measc pacáistí eile

## Láthair an phoist

Beidh an post lonnaithe in oifigí OPR i dTeach na Páirce, Baile Átha Cliath 7. Beidh cur chuige cumaisc i bhfeidhm, áfach, ina mbeidh meascán d’obair san oifig agus d’obair sa bhaile.

### Fostóir Roghnachais

Mar **Fhostóir Roghnachais**, tá go leor polasaithe solúbtha agus polasaithe a thacaíonn le teaghlaigh ag an Státseirbhís, m.sh. Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Cianobair (á feidhmiú ar bhonn 'cumaisc') srl. Is féidir cur isteach ar gach polasaí roghnach i gcomhréir leis na forálacha reachtúla iomchuí agus bíonn gach polasaí faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

### Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Is chuig post buan sa Státseirbhís a dhéanfar an ceapachán agus tá sé faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus aon Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus a bhaineann leis an Státseirbhís.

### Scála Tuarastail

Seo a leanas an scála tuarastail don phost (rátaí i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2023).

**Ardoifigigh Feidhmiúcháin (PPC)**

**€54,764 - €56,365 - €57,963 - €59,560 - €61,163 - €62,758 - €64,358 - €66,667(LSI1) - €68,970(LSI2)**

Bíonn feidhm ag ráta pá PPC nuair a cheanglaítear ar an duine Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar, leis, ranníocaíocht phríomhscéime) de réir rialacha a p(h)ríomhscéime/a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann é sin agus an ranníocaíocht a dhéantar mar bhall de scéim do Chéilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC).

Beidh ráta difriúil i gceist nuair nach gá don cheapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

D'fhéadfadh go mbeadh incrimintí seirbhíse fada iníoctha tar éis 3(LSI1) agus 6(LSI2) bliana de sheirbhís shásúil ag leibhéal uasta an scála.

### Nóta Tábhachtach

Is ag leibhéal íosta an scála a thosófar agus ní bheidh an ráta luacha saothair faoi réir idirbheartaíochta; féadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú faoi láthair.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

### Tionacht agus Promhadh

Ceapachán chuig post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís is ea an ceapachán.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse bliana ón dáta a shonrófar sa chonradh.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, déanfaidh do mhaoirseoir(í) athbhreithniú ar do chuid oibre chun a chinneadh cé acu:

- (i) A bhí do chuid oibre sásúil nó nach raibh,
- (ii) A d'iompair tú tú féin ar bhealach sásúil nó nár iompair, agus
- (iii) Atá tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe maidir leis an tsaoire bhreoiteachta, nó nach bhfuil.

Sula gcuirfear an conradh promhaidh i gcrích, déanfar cinneadh maidir le cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar thú de bhun *Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956-2005.* Beidh an cinneadh sin

bunaithe ar do chuid oibre, arna meas in aghaidh na gcritéar a leagtar amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh Oifig an Rialaitheora Pleanála sonraí an phróisis promhaidh duit agus tabharfar cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh duit.

In ainneoin na n-alt roimhe seo sa chuid seo, is féidir le ceachtar taobh, de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2005, deireadh a chur leis an gconradh promhaidh tráth ar bith sula rachaidh téarma an chonartha in éag.

Féadfar síneadh a chur le do chonradh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí sna himthosca seo a leanas:

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtaíoch.
- Maidir le fostaí a bhíonn as láthair de bharr Saoire Thuismitheoireachta nó Saoire Cúramóirí, féadfaidh an fostóir a cheangal go gcuirfí promhadh ar fionraí más rud é go meastar nach bhfuil an neamhláithreacht ar comhréir le leanúint den phromhadh.
- Féadfar promhadh a chur ar fionraí i gcásanna amhail neamhláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht neamh-athfhillteach, agus
- Aon fhoráil reachtúil eile lena bhforáiltear–
  (i) go mbeidh promhadh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair ón obair, agus
  (ii) go gcuirfidh an fostaí promhadh i gcrích nuair a fhilleann sé/sí ar an obair tar éis na neamhláithreachta sin.

Más rud é go gcuirtear promhadh ar fionraí, ba chóir don fhostóir na himthosca a bhaineann leis an bhfionraí a chur in iúl don fhostaí.

Beidh tréimhse phromhaidh bliana ag an té a cheapfar. Más rud é go raibh ceapaí a dteipeann air/uirthi coinníollacha an phromhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach ar seirbhís díreach roimh a c(h)eapachán ón gcomórtas seo, is iondúil go dtiocfaidh ceist an fhillte chun cinn. I gcás fillte, fillfidh oifigeach ar fholúntas sa ghrád a bhí aige/aici roimhe seo sa Roinn ina raibh sé/sí roimhe seo.

### Uaireanta freastail

Beidh na huaireanta freastail socraithe ó am go chéile ach ní bheidh níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad in aghaidh na seachtaine i gceist (ollmhéid) (35 uair an chloig in aghaidh na seachtaine [glanmhéid]).

Nuair is gá freastal breise a dhéanamh, ceadófar íocaíochtaí ragoibre, nó saoire chúitimh, de réir rialacháin ragoibre na Státseirbhíse.

### An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977-2015

Ní bhainfidh na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977–2015 le foirceannadh na fostaíochta seo, mar gheall amháin ar dhul in éag an chonartha promhaidh seo gan é a athnuachan.

### An tAcht um Eagrú Ama Oibre

Bainfidh téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997, nuair is cuí, leis an bhfostaíocht seo.

### Saoire Bhliantúil

Chomh maith leis na gnáthlaethanta saoire poiblí, is ionann an tsaoire bhliantúil don phost seo agus 29 lá oibre. Méadóidh sé sin go dtí 30 lá i ndiaidh 5 bliana seirbhíse.

## Saoire Bhreoiteachta

Íocfar pá le linn neamhláithreacht bhreoiteachta atá deimhnithe go cuí ar bhonn *pro-rata*, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse, de réir fhorálacha na gciorclán i leith saoire bhreoiteachta.

Beidh ar oifigeach a bheidh ag íoc ráta ÁSPC d'Aicme A sainordú a shíniú á údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an eagraíocht fostaíochta. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir an choinníll seo a leanas: go gcuireann an t-oifigeach na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

## Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear don té a cheapfar na téarmaí agus coinníollacha cuí i ndáil le haoisliúntas, is cinn a bheidh i réim sa tSeirbhís Phoiblí tráth a thairgfear ceapachán dó nó di. I gcás ceapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh, is iondúil go dtairgtear ceapachán dó/di bunaithe ar bhallraíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an "Scéim Aonair"). Tá na sonraí uile faoin Scéim le fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an té a cheapfar i bpost inphinsin (nach mbaineann téarmaí na Scéime Aonair leis) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtaine sular ceapadh é/í nó sa chás go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí difriúla a bheith i gceist. Deimhneofar teidlíocht phinsin na gceapaithe sin i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo thíos na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- baintear úsáid as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn suim phinsin agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a mhéadú gach bliain trí thagairt do CPI);
- aois inphinsin – Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois ag a bhfuiltear incháilithe don Phinsean Stáit (66 bliana d'aois faoi láthair);
- aois scoir – caithfidh na baill den Scéim dul ar scor nuair a bheidh 70 bliain d'aois slánaithe acu;
- tá baint ag CPI le méaduithe pinsin iarscoir.

## Laghdú ar an bPinsean

D'fhéadfadh impleachtaí pinsin a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar sa phost seo a bhfuil Pinsean Státseirbhíse nó Pinsean Seirbhíse Poiblí á fháil aige/aici faoi láthair nó a bhfuil Pinsean Státseirbhíse Caomhnaithe nó Pinsean Seirbhíse Poiblí Caomhnaithe aige/aici a bheidh iníoctha le linn dó/di a bheith fostaithe sa phost seo.

- Más rud é go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil sé/sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó más rud é go mbeidh pinsean na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí iníoctha le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean sin faoi réir laghdú de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Tabhair do d'aire: Agus iarratas á dhéanamh agat ar an bpost seo, tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdaithe, nuair is iomchuí. Ní mheastar go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i ndáil le ceapacháin chun an phoist seo.

- Más rud é, áfach, go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe deonacha luathscoir (seachas an Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER), Ciorclán 7/2010 VER/VRS ón Roinn Sláinte nó Ciorclán LG(P) 06/2013

ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas), scoirfidh teideal chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe seo de chuid an cheapaí a áireamh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.

### Ciorclán 102/2007 ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Coinníoll de chuid na Scéime Luathscoir is ea an méid seo a leanas: cé is moite de na cásanna a leagtar amach in ailt 10.2 agus 10.3 den chiorclán ábhartha, agus cé is moite de na cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear é/í ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Cuirfear tús le híocaíochtaí pinsin arís, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a chuirfear tús le híocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe seo san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh).

### Scor de bharr Drochshláinte (IHR)

Tabhair do d'aire go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar chúinsí drochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhú don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil aici, ag an gcéad chéim den iarratas, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige/aici.

Ceanglófar ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis le go ndéanfar measúnú ar an gcumas atá acu seirbhís rialta éifeachtach a thabhairt; cuirfear an riocht ba bhunús lena n-incháilitheacht le haghaidh IHR san áireamh leis.

Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena (h)iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

1. Má mheastar go bhfuil sé/sí in ann seirbhís rialta éifeachtach a thabhairt agus má cheaptar chun poist é/í, cuirfear deireadh lena p(h)insean de bharr drochshláinte ón Státseirbhís.
2. Má theipeann ar an iarratasóir promhadh a chríochnú ina dhiaidh sin nó má chinneann sé/sí a p(h)ost sannta a fhágáil, <u>ní féidir filleadh ar stádas IHR de chuid na Státseirbhíse, ná ní féidir pinsean IHR de chuid na Státseirbhíse, a bhí ann roimh an iarratas, a aischur</u>, agus ní bheidh aon teidlíocht i leith an chéanna.
3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é/í más rud é go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa státseirbhís/sa tseirbhís phoiblí.

Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón tSeirbhís Phoiblí:

1. I gcás ina bhfuil duine éirithe as comhlacht Seirbhíse Poiblí, féadfar a p(h)insean de bharr drochshláinte ón bhfostaíocht sin a athbhreithniú de réir na rialacha maidir le scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, ceanglófar air/uirthi, tráth a c(h)eaptha, a dhearbhú cé acu atá pinsean Seirbhíse Poiblí (drochshláinte nó eile) á fháil aige/aici nó nach bhfuil agus d'fhéadfadh a p(h)insean

Seirbhíse Poiblí a bheith faoi réir laghdú.

3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é/í más rud é go raibh briseadh níos mó ná 26 seachtain ina s(h)eirbhís inphinsin sa Státseirbhís/sa tSeirbhís Phoiblí.

Tabhair do d'aire go bhfuil sa nasc seo eolas níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd a bhfuil pinsean de bharr drochshláinte (de chuid na Státseirbhíse nó de chuid na Seirbhíse Poiblí) á fháil acu. Féadtar an t-eolas sin a iarraidh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freisin.

### Fabhrú Pinsin

Ní féidir níos mó ná 40 bliain seirbhíse san iomlán a áireamh i gcomhair pinsin sa chás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí amháin a bhí ann cheana. Tháinig an teorainn 40 bliain sin, a ndéantar foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin d'aon cheapaí a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige/aici i bpost sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo.

### Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair do d'aire:** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (ranníocaíochtaí príomhscéime agus ranníocaíochtaí scéime do chéilí agus leanaí) a éilítear faoi rialacha do scéime pinsin.

Féach ar an suíomh gréasáin seo, **www.singlepensionscheme.gov.ie**, más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

### Rúndacht agus Caighdeáin Iompair: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas:

Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon eolas rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdaraithe le linn na tréimhse fostaíochta nó dá héis.

### Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse:

Beidh an duine a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

### Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí maidir leis an gceapachán seo, nuair is cuí.

### Ceadú roimh ré maidir le foilseacháin:

Aontóidh oifigeach gan ábhar a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla a fhoilsiú gan ceadú a fháil roimh ré ó oifigeach údaraithe cuí.

### Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Beidh an t-oifigeach, le linn na tréimhse fostaíochta, faoi réir na rialacha a rialaíonn seirbhísigh phoiblí agus an pholaitíocht.

### An Rialachán Ginearálta maidir le Cosanta Sonraí (RGCS)

Nuair a fhaightear d'iarratas cruthaímid taifead i d'ainm, ina bhfuil go leor den fhaisnéis phearsanta a chuir tú ar fáil. Ní bhaintear úsáid as an taifead pearsanta sin ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá faisnéis den sórt sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

Má tá aon cheist agat maidir le próiseáil do shonraí, nó más mian leat iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig dataprotection@opr.ie.

## Faisnéis Ghinearálta

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt d'aire go ndícháileofar iad má dhéantar canbhasáil. Ní bheidh an ORP freagrach as aon chostais, lena n-áirítear costais taistil, a d'fhéadfadh iarratasóirí a thabhú maidir lena n-iarratas ar an bpost seo.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán, nó, tar éis dóibh glacadh leis, scarann siad leis nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, féadfaidh an ORP, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Caitheann Oifig an Rialálaí Pleanála an-dúthracht le polasaí comhdheiseanna.

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún docht.

## Fógra Tábhachtach

**Is ionann an méid sin thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse amháin agus níl sé beartaithe é a bheith ar an liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le haontú leis an iarrthóir rathúil.**

## Próiseas Comórtais

## Iarratas a Dhéanamh

Ba chóir iarratais a chur ar ríomhphost chuig recruiting@opr.ie faoin **15 Eanáir 2024 ag 5pm.**

Ba chóir d'iarrthóirí foirm iarratais chomhlánaithe agus litir chumhdaigh, mar dhoiciméid ar leith, a chur isteach i bhfoirm pdf, in aon ríomhphost amháin.

Tabhair ar aird, le do thoil, má fhágtar aon cheann nó aon chuid den dá dhoiciméad a iarrtar ar lár, mar a leagtar amach thuas, beidh an t-iarratas neamhiomlán. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin.

Eiseofar ríomhphost admhála maidir le gach iarratas a fhaightear (admhóidh an ríomhphost seo go bhfuarthas an t-iarratas ach ní dheimhneofar incháilitheacht ná eile). Mura bhfaigheann iarratasóir ríomhphost admhála laistigh de 3 lá oibre ón dáta ar cuireadh isteach é, ba cheart don iarratasóir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig lena chinntiú go bhfuarthas an t-iarratas.

## Dáta Deiridh

Spriocdháta le haghaidh iarratas: **15 Eanáir 2024 ag 5pm.**

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh ar chúinse ar bith.

## Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

▪gearrliostú iarrthóirí (ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratas);

▪agallamh iomaíoch;

▪féadfar tástáil measúnaithe a dhéanamh;

Tabhair ar aird, le do thoil, go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a thabharfar d'iarrthóir rathúil faoi réir na nithe seo a leanas a bheith sásúil:

▪Fíorú moltóirí;

▪Dearbhú liachta réamhfhostaíochta.

## Gearrliostú

Déanfaidh an Oifig próiseas gearrliostaithe chun grúpa iarratasóirí a roghnú, bunaithe ar scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais a cuireadh isteach, a bhfuil an chuma orthu gurb iad na hiarratasóirí is oiriúnaí agus is cáilithe don phost.

Scrúdóidh painéal saineolaithe na foirmeacha iarratais i gcoinne critéar comhaontaithe gearrliostaithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Féadfar na critéir riachtanacha agus na critéir inmhianaithe a shonraítear don phost a áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Dá bhrí sin, is ar mhaithe le hiarratasóir atá sé cuntas cruinn mionsonraithe a thabhairt ar a c(h)áilíochtaí/a t(h)aithí ina (h)iarratas.

## Agallaimh

Meastar go reáchtálfar na hagallaimh don phost seo i mí Feabhra 2023. Déanfar na hagallaimh a leathstruchtúrú i bhformáid ina n-iarrfar ar na hiarrthóirí samplaí a thabhairt de na **hinniúlachtaí don ról mar atá mínithe in Aguisín.** Déanfaimid ár ndícheall an oiread fógra agus is féidir a thabhairt faoi dhátaí an agallaimh.

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh, de réir mar a bheidh sceidealta, nó nach gcuireann fianaise ar fáil de réir mar a éilítear maidir le haon ní a bhaineann lena n-iarratas, ní bheidh aon éileamh eile acu ar an bpróiseas seo.

Beidh cuidiú riachtanacha le fáil do iarrthóirí hagallaimh nuair a ghlaoitear chun agallaimh.

**D'fhéadfaí painéal iarrthóirí rathúla a chruthú.**

## Moltóirí

Ba cheart d'iarrthóirí tosú ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina moltóirí oiriúnacha a d'fhéadfaimis dul i gcomhairle leo. Ní gá go mbeadh d'fhostóir reatha san áireamh ach ba chóir go mbeidís in ann teistiméireacht a sholáthar duit. Ní dhéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin má bhíonn tú á mbreithniú againn i ndiaidh chéim an agallaimh. Tabhair ar aird, má éiríonn leat sa chomórtas seo, beidh teistiméireacht ó d'fhostóir reatha ag teastáil uainn.

**Cearta Iarrthóirí – Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i dtaca leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Pléitear le hiarratais ar athbhreithniú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais: Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí – is féidir teacht ar an gCód ag https://www.cpsa.ie/.

## Aguisín 1: Inniúlachtaí



# Inniúlachtaí do Leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin

## Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

| | |
|---|---|
| **Ceannaireacht Foirne** | Oibríonn an duine leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a bhaint amach, spriocanna soiléire agus réalaíocha a fhorbairt, ceisteanna faoi fheidhmíocht a réiteach má tharlaíonn siad |
| | Tugann an duine eolas agus comhairle shoiléir maidir leis na nithe a chaithfidh an fhoireann a dhéanamh |
| | Déanann an duine iarracht slite nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun oibriú go héifeachtach chun spriocanna a bhaint amach |
| | Tugann an duine treoir don fhoireann trína c(h)uid oibre féin, ag cabhrú le daoine más gá |
| | Tuigeann an duine an tábhacht a bhaineann le baill foirne a fhorbairt, a oiliúint agus an leas is fearr a bhaint as scileanna agus cumas na foirne. |
| | Tá an duine solúbtha agus toilteanach athrú agus cur go dearfach le hathruithe a chur i bhfeidhm |
| **Breithiúnas, Anailís agus Cinntí a Dhéanamh** | Bailíonn an duine agus déanann siad anailís ar eolas ó fhoinsí cuí cé acu ábhar airgeadais, uimhriúil nó eile agus déanann an duine na cúinsí tábhachtacha a mheas |
| | Cuireann an duine an cheist ina hiomláine agus impleachtaí bainteacha san áireamh nuair atá cinntí á ndéanamh acu |
| | Úsáideann an duine eolas agus taithí a fuair siad roimhe seo chun treoir a thabhairt maidir le cinntí a dhéanamh |
| | Déanann an duine cinntí stuama le bunús an-réasúnta agus seasann siad leo sin |
| | Cuireann an duine réitigh chun cinn le fadhbanna a réiteach |
| **Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar** | Glacann an duine freagracht agus bíonn siad freagrach as spriocanna comhaontaithe a sholáthar |
| | Bainistíonn an duine réimse de thionscadail éagsúla agus de ghníomhaíochtaí oibre ag an am céanna |
| | Cuireann an duine struchtúr ar agus eagraíonn siad a gcuid oibre agus an obair a dhéanann daoine eile go héifeachtach |
| | Tá an duine loighciúil agus stuama maidir le cur chuige, baineann an duine na torthaí is fearr is féidir amach leis na hacmhainní atá ar fáil |
| | Tugann an duine obair amach go héifeachtach, tugann siad eolas agus fianaise shoiléir maidir leis na nithe atá ag teastáil |
| | Lorgaíonn an duine réimsí ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh agus forbraíonn an duine moltaí praiticiúla chun iad a chur i bhfeidhm |
| | Léiríonn an duine díograis maidir le forbairtí nua/athruithe maidir le cleachtais oibre agus déanann siad tréaniarracht na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach. |
| | Cuireann an duine córais/próisis chuí i bhfeidhm chun gur féidir gach gníomhaíocht agus toradh a scrúdú go héasca maidir le caighdeáin |
| | Cleachtann an duine agus cuireann siad béim láidir ar sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha |
| **Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide** | Cothaíonn an duine teagmháil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh |
| | Feidhmíonn an duine mar nasc éifeachtach idir baill foirne agus an lucht ardbhainistíochta |
| | Spreagann an duine comhrá oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre |
| | Bíonn an duine dáiríre ina t(h)eacht i láthair agus éiríonn leo aontú a fháil trí eolas ábhartha agus na buntáistí a chur i láthair go snasta |
| | Pléann an duine le daoine eile go múinte agus le meas fiú amháin nuair a bhíonn cúinsí dúshlánacha i gceist |

| | |
|---|---|
| | Cuireann an duine eolas i láthair go soiléir, go cruinn agus le muinín le linn a bheith ag labhairt nó ag scríobh |
| | Comhoibríonn agus cabhraíonn siad le comhghleacaithe chun spriocanna eagraíochta a bhaint amach |
| **Eolas Speisialtachta, Saineolas agus Féinfhorbairt** | Tuigeann an duine go soiléir na róil, cuspóirí agus spriocanna atá acu féin agus spriocanna na foirne agus an chaoi a suíonn siad sin isteach san aonad agus sa Roinn/Eagraíocht agus cuireann an duine seo in iúl go héifeachtach do dhaoine eile |
| | Tá ardleibhéil de shaineolas agus eolas leathan acu ar an Earnáil Phoiblí atá ábhartha dá réimse oibre |
| | Díríonn an duine ar fhorbairt phearsanta chun feidhmíocht a fheabhsú |
| **Díograis agus Tiomantas do Chaighdeáin na Seirbhíse Poiblí** | Déanann an duine gach iarracht feidhmiú ag leibhéal ard agus déanann siad tréaniarracht cuspóirí aontaithe a bhaint amach |
| | Léiríonn an duine teacht aniar fiú nuair atá tosca dhúshlánacha agus éilimh mhóra i gceist |
| | Tá an duine ionraic go pearsanta agus is féidir brath orthu |
| | Cinntíonn an duine go bhfuil na custaiméirí i lár baill maidir le gach seirbhís a sholáthraítear |
| | Cleachtann an duine ardchaighdeáin mhacántachta, eitice agus ionracais |

## Aguisín 2: Incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus srianta ar leith ar incháilitheacht

### Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

a) Ina saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Cuimsítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua san LEE; nó

b) Ina saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

c) Ina saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

d) Ina saoránach nach as an LEE (Limistéar Eorpach Eacnamaíoch) iad a bhfuil víosa* Stampa 4 acu; nó

e) Ina nduine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta orthu faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa Stampa 4 acu; nó

f) Ina saoránach nach den LEE iad atá mar thuismitheoir linbh chleithiúnaí atá ina s(h)aoránach agus cónaitheoir i mballstát LEE nó sa RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa Stampa 4 acu.

*Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil víosa 50 CAE, a tháinig isteach in ionad Stampa 4EUFAM tar éis an Bhreatimeachta, inghlactha mar chomhionann Stampa 4.

Chun cáiliú ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon tairiscint poist.

### Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta ar Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

I litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Pearsanra, dar dáta an 28 Meitheamh 2012 agus le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí.

Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe le haghaidh athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí eile

(mar a leagtar amach sna Bearta Airgeadais Éigeandála san Acht um Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón fhoirceannadh fostaíochta

Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a bhféadfadh rath a bheith orthu sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-incháilitheachta).

### Scéim Dhreasaithe um Luathscor (ISER)

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dreasachta um Luathscor (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais go bhfuil cosc ar dhaoine atá ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le pinsinéirí den sórt sin iarratas a chur isteach, fad is a atá na srianta thuas i bhfeidhm.

### Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Tugadh isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS) i gCiorclán na Roinne Sláinte 7/2010, dar dáta 1 Samhain 2010. Tá sé mar choinníoll den scéim VER, nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim sin incháilithe ar ath-fhostú san earnáil sláinte poiblí nó sa tseirbhís phoiblí níos leithne, nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin VRS, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim VRS agus a bhféadfadh rath a bheith orthu sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh na tréimhse neamh-incháilitheachta).

### An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)

Thug Ciorclán na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013 isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. I gcomhréir leis an *gComhaontú Comhchoiteann*: *Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí,* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonrach é den Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe le haghaidh athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a leagtar amach sna Bearta Airgeadais Éigeandála sna hAchtanna um Leas an Phobail 2009 – 2011 agus Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain óna ndáta imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás coinne/fostaíochta ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

### Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as Scéim Dhreasaithe um Luathscor ón tSeirbhís Phoiblí agus/nó an comhaontú comhchoiteann atá leagtha amach thuas. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin, aon teidlíochtaí ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó sochar coinnithe) ó fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile, nó aon íocaíocht in ionad faighte acu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí a dhearbhú.